Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gearmáinis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a léiríonn ciall atá cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Tá eolas **<u>a bhfuil líne faoi</u>** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.

- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

- **Socruithe Réasúnta**
  Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach ar leathanaigh 19 agus 23 den scéim mharcála.

**TRIAL CHLUASTUISCEANA:** **(80 marc: 20, 14, 22, 24)**

**Cuid a hAon: Agallamh le Yasmin** **(20 marc: 8, 2, 4, 2, 4)**
**(Freagraí i nGearmáinis: leathmharcanna)**

**1.** **(8 marc: (i) 3 x 2 mharc; (ii) 2 x 1 mharc)**

**(i)** *Cén fáth a gcaitheann Yasmin an t-am soar a bhíonn aici ag obair le Briogáid Dóiteáin Óige na Gearmáine? Tabhair **trí** chúis.*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**
(a) Tá spraoi ag baint leis.
(b) Bíonn deis agat bualadh le daoine nua / cairde nua a dhéanamh.
(c) Foghlaimíonn tú go leor ó obair bhuíne / ó bheith ag obair i bhfoireann.
(d) Téann siad ar thurais champála.
(e) Téann siad ar thurais rothaíochta.

**(ii)** *Tá móréileamh ar Bhriogáid Dóiteáin na hÓige, dar le Yasmin. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**
(a) 18 000 grúpa óige.
(b) 260 000 ball
(c) Baill idir 11-18 mbliana d’aois

**2.** **(2 mharc: 2 x 1 mharc)**
*Déanann baill Bhriogáid Dóiteáin na hÓige a lán tascanna. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**
(a) Bíonn deis acu foghlaim faoi / eolas a chur ar an inneall dóiteáin // trealamh comhraicthe dóiteáin.
(b) Bíonn siad ag cleachtadh conas tine a mhúchadh (i gceart).
(c) Bíonn siad ag cleachtadh uisce a phumpáil ó loch / abhainn.
(d) Foghlaimíonn siad conas cóireáil gharchabhrach a thabhairt do dhuine.
(Cabhair ag tionóiscí = 0)

**3.** **(4 mharc: (3 x 1 mharc) + 1 mharc)**
*Cén t-eolas a thugtar **(a)** faoin **éide** agus **(b)** faoin m**ballraíocht**? Tabhair sonraí.*

**Éide:**
**(Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)**
(a) Tá clogad oráiste/flannbhuí acu.
(b) Tá dath gorm ar an mbríste.
(c) Tá dath gorm agus oráiste / flannbhuí ar an seaicéad.
(d) Caitheann siad bróga / buataisí storrúla (a bhfuil caipíní cruach orthu).
(e) Caitheann siad lámhainní.
(f) Tá sí saor in aisce.
**Ballraíocht:** Saor in aisce. **(1)**

4. **(2 mharc: 2 x 1 mharc)**
*Cad is cúis lena lán tinte foraoise, dar le Yasmin? Tabhair* ***dhá*** *shonra.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**
(a) Bíonn daoine ag caitheamh tobac.
(b) Lasann daoine tinte.
(c) Bíonn daoine ag cócaráil ar an mbeárbaiciú. (Ag gríoscadh = 0)
(d) Féadfaidh (buidéil) gloine (a bhíonn fágtha) tinte a thosú.

5. **(4 mharc: 2 x 2 mharc)**
*Cad iad na pleananna atá ag Yasmin don todhchaí? Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**
(a) An scoil a chríochnú.
(b) (Leanúint d') obair dheonach leis an mbriogáid dóiteáin.
(Obair dheonach a dhéanamh = 0)
(c) Oiliúint/cúrsa dhá bhliain a dhéanamh.
(d) Bheith ina comhraiceoir dóiteáin lánaimseartha.

**Cuid a Dó: Glao teileafóin** **(14 mharc: 8, 6)**
**(Freagraí i mBéarla/i nGaeilge: leathmharcanna)**

**1.** **(8 marc: 2 mharc; 1 + 1 mharc; 2 mharc; 2 mharc)**
*Scríobh síos* ***sa Ghearmáinis*** *na príomhphointí eolais a bhreacann an té a fhaigheann an glao ina nóta den chomhrá.* ***(Na príomhfhocail, gan abairtí iomlána.)***

**Iomlán nó faic:**
**Anruf von:** (Amelie) S-c-h-o-l-l-h-a-u-s **(2)**

**Fadhb:**
Streik bei Lufthansa // kann nicht nach Deutschland/Düsseldorf (zurückfliegen) **(1)**
Sollte/will morgen/am Samstag nach Deutschland/Düsseldorf (fliegen) **(1)**.

Die Anruferin
- erhält innerhalb einer Stunde einen Rückruf. **(2)**

**Iomlán nó faic:**
Kontaktnummer: 0175 – 36 92 017 **(2)**

**2.** **(6 mharc: 3 x 2 mharc)**
*Scríobh síos* ***trí*** *shampla den* ***teanga*** *(=* ***nathanna cainte agus frásaí****) a úsáidtear sa chomhrá a thaispeánann go bhfuil* ***práinn ag baint leis an nglao****.*

**Trí cinn ar bith; níl aon mharcanna ag dul do thuin chainte/iontonú gan tagairt do nathanna agus frásaí ar leith. Glac le: frása cruinn/beacht nó athinsint chruinn ar nathanna cainte san aistriúchán:**

(a) Ich bin (etwas) verzweifelt. / Tá mé (beagán) éadóchasach.
(b) Was für eine Katastrophe! / A leithéid de thubaiste!
(c) Beruhigen Sie sich doch bitte erst mal. / Ciúnaigh síos le do thoil.
(d) Müssen Sie denn unbedingt morgen wieder nach Deutschland fliegen? / An gá duit go cinnte a bheith ar ais (sa Ghearmáin) amárach?
(e) …wie soll ich denn zurück nach Deutschland kommen? / (Conas a bhféadfainn dul ar ais sa Ghearmáin?)
(f) Ich habe am Montag ein Vorstellungsgespräch (bei einer Marketingfirma) / Tá agallamh agam Dé Luain (le cuideachta chaidrimh phoiblí).
(g) Ich darf es auf keinen Fall verpassen! / Ní féidir liom é a chailleadh!
(h) Warum habe ich diesen dummen Urlaub gebucht? / Cén fáth ar chuir mé an tsaoire sheafóideach seo in airithe?
(i) Nur keine Panik. / Tóg go bog é.
(j) Wir werden Sie schon rechtzeitig (nach Deutschland) zurückbringen./ Tabharfaimid ar ais (go dtí an Ghearmáin) thú in am.

**Cuid a Trí: Comhrá** **(22 mharc: 5, 4, 5, 8)**

**1.** **(5 mharc: (i) 1 mharc; (ii) 2 x 2 mharc)**

**(i)** *Tarlaíonn an comhrá idir*

*(a)* fostóir agus fostaí **(1)**

**(ii)** *Aimsigh* ***dhá*** *leid sa chomhrá a thacaíonn le do rogha.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2) (Ceadaigh athfhriotal cuí sa Ghearmáinis)**

(a) Teastaíonn uaithi labhairt leis ina hoifig. (Kann ich Sie kurz in meinem Büro sprechen?)

(b) Tagraíonn sí do Herr Köhler a bheith ag obair san ionad oibre seo ar feadh trí seachtaine. (Sie arbeiten ja jetzt seit drei Wochen in unserem Modegeschäft.)

(c) Fuair sí gearáin ó chustaiméirí (mar gheall ar a fhón póca a bheith in úsáid aige.) (...dass ich einige Beschwerden über Sie bekommen habe.)

(d) Tugann sí iomardú dó as teacht chun na hoibre go déanach. (Sie sind jetzt einige Male zu spät zur Arbeit gekommen.)

(e) Tagraíonn an cainteoir fireann don obair mar a phost páirtaimseartha / mar phost páirtaimseartha a gcuireann sé luach mór air. (Mein Teilzeitjob ist mir wichtig.)

(f) Deir sí go raibh ar a chumas é a chur in iúl di. (Aber Sie hätten uns doch informieren können!)

(g) Éilíonn sí míniú ar an bhfón póca a bheith in úsáid aige seasta. (Und was ist mit dem Handy, das Sie immer in der Hand haben?)

(h) Deir sí nach é an siopa an áit cheart le bheith ag seiceáil a chuid tvuíteanna. (Der Laden ist nicht der richtige Ort dafür.)

(i) Deir sé go gcabhraíonn sé leis na custaiméirí. (Ich helfe den Kunden doch auch.)

(j) Tarraingíonn an cainteoir baineann aird ar dhualgais an chainteora fhirinn i leith na gcustaiméirí. (die Kunden nach ihren Wünschen fragen/den Kunden bei der Auswahl behilflich sein/sich um Ordnung kümmern.)

(k) Cuirfidh sé glaoch uirthi, má thagann athrú ar a chlár ama (a fhágfaidh nach bhféadfaidh sé teacht chuig an obair). (Und wenn sich mein Stundenplan an der Uni nochmal ändert, dann rufe ich Sie an.)

**2.** **(4 mharc: 2 x 2 mharc)**

*Luann an cainteoir baineann roinnt fadhbanna. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) Tá gearán déanta ag custaiméirí ina leith.

(b) Fágtar custaiméirí ag feitheamh.

(c) Bíonn a fhón póca in úsáid aige.

(d) Déanach ag teacht chuig an obair roinnt uaireanta.

(e) Cuirtear moill ar dhaoine eile an áit oibre a fhágáil.

(f) Ní sholáthraíonn sé seirbhís mhaith do chustaiméirí.

**3.** **(5 mharc: (i) 1 mharc; (ii) 2 x 2 mharc)**

**(i)** *Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar fhreagra an chainteora fhirinn le linn an chomhrá?*

*(a)* leithscéalach **(1)**

**(ii)** *Scríobh síos **dhá** shonra ón gcomhrá a thacaíonn le do rogha.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc) (Ceadaigh athfhriotal cuí sa Ghearmáinis)**

(a) Gabh mo leithscéal! (Entschuldigen Sie, bitte!)
(b) Deir sé go bhfuil náire air (as a bheith déanach). ((Das mit dem Zuspätkommen) ist mir echt peinlich).
(c) Aontaíonn sé leis an gcainteoir baineann. (Sie haben ja Recht.)
(d) Deir sé go bhfuil aiféala air / Gabhann sé leithscéal. (Es tut mir Leid.)
(e) Geallann sé go bhfanfaidh sé go mbeidh sos aige chun dul ar an Idirlíon. (Ich werde ab sofort nur noch in der Pause ins Internet gehen.)

**4.** **(8 mharc: (i) 2 x 2 mharc; (ii) 2 + 2 mharc)**

**(i)** *Cad iad na cúiseanna a thugann an cainteoir fireann mar mhíniú ar an scéal? Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) Tá sé ag staidéar sa choláiste/ar an ollscoil anois. (Ich studiere jetzt an der Uni.)
(b) Rinneadh go leor athruithe ar an amchlár. // B'éigean dó freastal ar rang uaireanta nuair a bhí sé ceaptha dul ag obair. (Wir haben jeden Tag einen neuen Stundenplan./Ein paar Mal hatte ich plötzlich Unterricht, als ich zur Arbeit kommen wollte.)
(c) Ní bhíonn an siopa chomh gnóthach sin uaireanta. (Manchmal sind ja nicht so viele Kunden im Geschäft.)
(d) Is maith leis nuashonruithe Twitter a chairde a léamh. (Ich lese gern die Tweets von meinen Freunden.)
(e) Seolann a chairde griangraif agus scéalta greannmhara chuige (ar Twitter) (Sie haben immer so viele lustige Fotos und Geschichten.)

**(ii)** *Cad a gheallann sé a dhéanamh le réiteach a fháil ar na ceisteanna seo. Tabhair sonraí.*
**(Ceithre mharc: 2 + 2 mharc)**

(a) glaoch a chur má thagann athrú ar a amchlár arís. **(2)**
(b) an t-idirlíon / Twitter / a fhón póca a úsáid i rith na sosanna amháin. **(2)**

**Cuid a Ceathair: Nuacht** **(24 marc: 9, 3, 8, 4)**
**(Freagraí i nGearmáinis: bronn leathmharcanna)**

**1.** **(9 marc: (i) 1 + (2 x 2) mharc; (ii) 2 x 2 mharc)**

**(i)** *Cad atá ar siúl in München an deireadh seachtaine seo? Tabhair sonraí.*

Taispeántas / aonach trádála spóirt idirnáisiúnta // ISPO. **(1)** **(Imeacht = 0)**

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) Beidh 2500 taispeántóir / déantúsóir i láthair.
(b) Beidh Nike agus Adidas i measc na dtaispeántóirí / i láthair.
(c) Beidh na treochtaí / na táirgí is déanaí (i gcúrsaí spóirt, fóillíochta agus corpacmhainne) ar taispeáint.
(d) Beidh ábhair nua / níos éadroime ar taispeáint.
(e) Beidh táirgí lena gcuirfear cosc ar ghortú ar taispeáint.

**(ii)** *Cad iad na cineálacha spóirt is mó brabús do dhéantúsóirí feisteas agus trealamh spóirt? Luaigh **dhá** chineál.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) Spórt an gheimhridh
(b) Spórt faoin aer
(c) Bogshodar / Reathaíocht

**2.** **(3 mharc: (i) 2 x 1 mharc; (ii) 1 mharc)**

**(i)** *Tá sé mar aidhm ag tionscadal idirnáisiúnta piongainí a shábháil i gcás doirteadh ola. Tabhair sonraí faoin tionscadal.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) Tá Angelika Regenstein ina comh-eagraí / ar dhuine de na heagraithe.
(b) Bhí na mílte duine ag cniotáil/ag déanamh.
(c) (Os cionn) 40 000 geansaí (le haghaidh piongainí).
(d) Tá na piongainí ar oileán de chuid na hAstráile.
(e) Cabhraíonn na geansaithe leis na piongainí teacht slán ó dhoirteadh ola.

**(ii)** *Conas a chabhraíonn an tionscadal seo leis na piongainí maireachtáil?*

**(Ceann ar bith: 1 mharc)**

(a) Ní shlogann na piongainí an ola (nimhneach / thocsaineach).
(b) Déanann an geansaí / an olann an ola a shú isteach.
(c) Is féidir na piongainí a ní / a ghlanadh.

**3.** **(8 marc: (i) 2 x 2 mharc; (ii) 2 x 2 mharc)**

**(i)** *Cad iad na hacmhainní atá ar fáil ar shuíomh gréasáin nua a dhéanann comóradh ar an gCéad Chogadh Domhanda? Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) Taispeántais
(b) Cainteanna / Léachtaí
(c) Scannáin
(d) Doiciméid / Doiciméadúchán
(e) Ábhair don scoil (do cheachtanna scoile)

**(ii)** *Cad as do na hacmhainní seo?*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

(a) An Ghearmáin / réigiúin na Gearmáine
(b) An Fhrainc
(c) Sasana

**4.** **(4 mharc: (i) 2 x 1 mharc; (ii) 2 mharc)**

**(i)** *Tá coinne le fíor-dhrochaimsir i réigiún chósta na Mara Thuaidh sa Ghearmáin. Tabhair sonraí.*

**(Dhá cheann ar bith: 2 x 1 mharc)**

(a) stoirmeacha toirní. **(Stoirmeacha = 0)**
(b) (buaileann) aer te le fronta fuar
(c) cloichshneachta (clocha sneachta).

**(ii)** *Cad atá i réamhaisnéis na haimsire don chuid eile den Ghearmáin? Tabhair sonraí.*

**(Ceann ar bith: 2 mharc)**

(a) gan athrú
(b) an-bhrothallach // aimsir samhraidh
(c) (tuairim is) 35 céim

**TEXT I: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)** **(22, 8, 14, 16)**

(Tá fianaise riachtanach gur thuig na hiarrthóirí an téacs; **athfhriotal** gan ionramháil **san áit ina bhfuil** ionramháil **riachtanach** / ina bhfuil ábhar **coimhthíoch: leathmharcanna. Lánmharcanna do chodanna le hionramháil. Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna**)

**Frage 1 (22 mharc: 8, 6, 4, 4)**

**(a) (8 marc: 4 x 2 mharc)**
*Was erfährt der Leser im ersten Absatz über Paul, den Erzähler? (Z. 1 – 11)*
**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. ist (seit heute) allein.
2. hat einen Vater/ Sein Vater lebt noch.
3. Sein bester Freund ist/heißt Benjamin.
4. hat sein Abitur.
5. will nicht studieren/ will zu Hause bleiben.
6. möchte Gärtner werden// eine Lehre als Gärtner machen.
7. will die Lehre nicht bei seinem Vater machen.
8. ist kein Planer.

**(b) (6 mharc)**
*Schreiben Sie **drei** Fakten zum ersten Bewerbungsgespräch auf (wann, wo, mit wem...). (Z. 11 – 19)*
**(Trí cinn: 3 x 2 mharc)**

1. am Montag.
2. im Büro von (der Gärtnerei) *Lohmeyers Landleute*.
3. mit Herrn Lohmeyer.

**(c) (4 mharc)**
*Warum glaubt Paul, der Erzähler, er sei für die Lehrstelle besonders gut qualifiziert? (Z. 34 – 47)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. hat Abitur / das Abitur (gemacht).
2. weiß schon einiges. // Er bringt einiges an Vorwissen mit.
3. Sein Vater hat ihm viel beigebracht. // Er hat viel von seinem Vater gelernt.// Sein Vater ist Landschaftsarchitekt.

**(d) (4 mharc)**
*Beschreiben Sie das Büro der Gärtnerei Lohmeyer in **zwei** Details. (Z. 13 – 33)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. Es gibt eine weiße Lampe / kaltes Licht / kaltes Licht von einer weißen Lampe.
2. Im Büro ist / steht ein Metallschrank (mit Schubladen).
3. Eine Schublade ist voll mit Papieren.
4. Es gibt einen Plastikstuhl (im Büro).
5. Es gibt einen Schreibtisch (im Büro).

**Ceist 2: (8 marc: a = 4 mharc; b = 4 mharc)**
**(a) (4 mharc: 4 x 1 mharc)**
*Níor chuir Pól tús maith leis an gcéad agallamh a rinne sé. Tabhair sonraí. (na línte 13 – 33)*
**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 1 mharc)**

1. Deir an tUasal Lohmeyer / tá an tUasal Lohmeyer ag gearán go raibh a iarratas róluath.// Deir an tUasal L. go gcaithfí go mbaineann iarratas Phóil leis an mbliain dár gcionn.
2. Ní thuigeann Pól a bhfuil i gceist aige. / Féachann sé air go fiosrach.
3. Deir an tUasal L. go bhfuil an t-iarratas i bhfad ródhéanach (don bhliain seo).
4. (Osclaíonn an tUasal L. caibinéad comhad agus) taispeánann an tUasal L. tarraiceán atá lán go barr le páipéir iarratais.
5. Deir an tUasal L. gur tháinig an chéad iarratas i mí na Samhna.
6. Ní éisteann sé le míniú Phóil.
7. Dúnann an tUasal L. an tarraiceán de phlab.
8. Stánann sé ar Phól (trasna an bhoird).
9. Cuireann sé isteach air go borb (agus: “Ach … céard?” á rá aige).

**(b) (4 mharc: 2 x 2 mharc)**
*Ní théann an t-agallamh ar aghaidh go maith agus tagann deireadh tobann leis. Tabhair **dhá** shonra. (na línte 34 – 56)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. Nuair atá Pól ar tí a athair a lua, cuireann an t-agallóir isteach air go borb.
2. Críochnaíonn an tUasal Lohmeyer ráiteas / ráitis a dhéanann Pól.
3. Is cosúil go gceapann sé go bhfuil Pól chun leas a bhaint as cáil a athar / chun cáil a athar a lua.
4. Tá an tUasal L. trodach.
5. Labhraíonn sé ar athair Phóil ar bhealach uiríseal “an t-athair uilechumhachtach a mbíonn na plandaí ag fás mar gheall air.”
6. Deir Pól go bhfuil an tUasal L. in éad lena athair.
7. Croitheann an tUasal L. a cheann.
8. Éiríonn // siúlann Pól amach (agus ní chuireann an tUasal L. stop leis).

**Ceist 3: (14 mharc: (a): 8 marc (b): 6 mharc)**
**(a) (8 marc)**
*Téann Pól go dtí an dara hagallamh. Tabhair* ***ceithre*** *shonra faoin duine a mbuaileann sé leis.* *(na línte 57 – 74)*
**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. Bruno Hönekop.
2. beathaithe.
3. cairdiúil // iarrann sé ar Phól an bhféadfaidís céadainmneacha a úsáid / an fhoirm ‘du’ a úsáid
4. féasóg air.
5. Tugann sé caife do Phól.
6. Is cara le hathair Phóil é (ach ní bhíonn siad i dteagmháil lena chéile go minic níos mó).
7. Níl éad air mar gheall ar rud ar bith.
8. Rinne sé staidéar ar dhearadh tírdhreacha // le hathair Phóil // (ag an Ollscoil) in Wiesbaden.
9. Caitheann sé le hiarratas Phóil le haire / meas.

**(b) (6 mharc)**
*Tugann an duine seo comhairle do Phól maidir lena thodhchaí. Tabhair sonraí.* *(na línte 75 – 107)*

**(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)**

1. Gan a bheith ina ghnáth-gharraíodóir// Tá níos mó ann ná gnáth-gharraíodóir.
2. Gairdíní a dhearadh / a chruthú.
3. Gan dhá bhliain a chur amú ar phrintíseacht.
4. Deir sé le Pól / tugann sé rabhadh do Phól “go bhfuil an t-am an-luachmhar”.
5. Deir sé leis leas a bhaint as a bhua / a acmhainneacht.
6. Cuireann sé comhairle ar Phól / go mba cheart do Phól dul chuig Sasana/Sissinghurst**(1)** / Potsdam / (cuairt a thabhairt ar ghairdíní) Sanssouci. **(1)**
7. Ba cheart dó (staidéar a dhéanamh ar na gairdíní agus) foghlaim ó na máistrí.
8. (Ba cheart do Phól a chuid ama a ghlacadh agus) fáil amach céard atá uaidh i ndáiríre.

**Ceist 4: (16 mharc)**
*Léigh **TEXT I** arís.*
*Tá téama na **codarsnachta** mar ghné lárnach ag na húdair ina scéal. Agus tú ag déanamh comparáide idir an chéad agallamh agus an dara hagallamh, tabhair **trí** shampla den chaoi a n-éiríonn leo é sin a bhaint amach. (Is féidir* úsáid teanga ***agus/nó*** ábhar *a bheith i gceist.)*

**(Trí cinn ar bith: 6 + 6 + 4 mharc)**

**(Ábhar)**
Ní leor ráitis ghinearálta: ní mór d'iarrthóirí sampla lena bhfuil i gceist acu a thabhairt agus comparáid a léiriú. Ní liosta críochnaitheach an liosta thíos.

1. Oifig: (solas fuar v. adhmad dorcha agus pictiúir dheasa de ghairdíní)
2. Braistint Phóil ar na hagallóirí mar dhaoine: (trodach v. cairdiúil)
3. Dearcadh na n-agallóirí i leith an athar: (éad v. cara)
4. Caife (gan chaife v. tugadh caife dó)
5. Tús an agallaimh: (dáiríre v an-chairdiúil le caife agus pictiúir ar an mballa)
6. Dul chun cinn an agallaimh: (éiríonn níos diúltaí v. tuairimí níos dearfaí)
7. Deireadh an agallaimh: (éiríonn agus siúlann amach v. éisteann le comhairle)
8. Conas mar a caitheadh leis an iarratas: (an t-iarratas caite uaidh / ró-dhéanach v. meas léirithe ar an iarratas/ ceapann sé go bhfuil níos mó ar a chumas)
9. Comhairle: (gan chomhairle ar bith v. go leor comhairle)

........

**(Úsáid teanga)**
**Ní mór d'iarrthóirí míreanna teanga atá in úsáid a aistriú agus/nó a mhíniú.**

"Sie" v. "du"/ Céadainm
aggressiv v. freundlich
neidisch – neidisch auf nichts

**TEXT I : ANGEWANDTE GRAMMATIK (25 marc)**

**1.** *Sie sehen unten sechs Sätze, in denen* ***bestimmte / unbestimmte Artikel*** *unterstrichen sind. Sehen Sie sich das Beispiel an. Geben Sie nun für die anderen* ***fünf bestimmten / unbestimmten Artikel*** *an:*

- *ob Singular oder Plural verwendet wird*
- *bei Singular das Geschlecht (feminin, maskulin, neutrum)*
- *den Fall (Nominativ, Akkusativ, Dativ, Genitiv)*

**(15 mharc: 5 x 3)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(1)** | Singular **(1)**, | feminin **(1)**, | Akkusativ **(1)** |
| **(2)** | Plural **(1)**, | **-** | Akkusativ **(2)** |
| **(3)** | Singular **(1)**, | feminin **(1)**, | Nominativ **(1)** |
| **(4)** | Singular **(1)**, | maskulin **(1)**, | Genitiv **(1)** |
| **(5)** | Singular **(1)**, | neutrum **(1)**, | Dativ **(1)** |

**2.** *Schreiben Sie die folgenden Sätze im* ***Präteritum/Imperfekt*** *wie im Beispiel.*

**(10 marc: 5 x 2)**

**(1)** hatte **(2)**

**(2)** unterbrach **(2)**

**(3)** stellte ..... hin **(2)**

**(4)** wollte **(2)**

**(5)** gab **(2)**

**TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)** **(16, 16, 18, 10)**
(Teastaíonn fianaise gur **thuig** iarrthóirí an téacs.
**Athfhriotal** gan ionramháil **áit a bhfuil** ionramháil **riachtanach** / ina bhfuil ábhar **coimhthíoch**: **leathmharcanna. Lánmharcanna do chodanna le hionramháil.**
**Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna)**

**Frage 1: (16 mharc: a = 8 marc; b = 4 mharc; c = 4 mharc)**

**(a) (8 marc)**
*Sie sind Reiseführer/in in Köln. Was erzählen Sie Ihrer Touristengruppe über die Hohenzollernbrücke in **vier** Sätzen? (Z. 1 – 19)*
**(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)**

1. Sie liegt in der Nähe vom <u>Dom und Hauptbahnhof.</u>
2. Sie verbindet Köln und den Stadtteil Deutz.
3. Die Brücke wurde zwischen 1907 und 1911 erbaut.//Der Bau der Brücke dauerte vier Jahre.
4. Die Brücke ist 400 Meter lang.
5. Sie wurde (damals/ursprünglich) <u>für Züge/Eisenbahn und Autos</u> gebaut/geplant. // Sie war (ursprünglich) eine Brücke für <u>Züge/Bahn und Autos</u>.
6. Heute gibt es/ fahren keine Autos mehr auf der Brücke.
7. Jetzt/heute ist die Brücke eine Eisenbahnbrücke/ für Züge.
8. Für Fußgänger und Radfahrer/ hat Geh- und Radwege.

**(b) (4 mharc)**
*Was macht die Brücke zur Touristenattraktion? Nennen Sie Details. (Z. 20 – 32)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. (Seit 2008) ist sie eine ‚Liebesbrücke'.
2. Es gibt dort ‚Liebesschlösser' zu sehen. / (Alte und junge) Liebespaare hängen Schlösser daran.
3. <u>Über</u> 40 000 Schlösser hängen dort.

**(c) (4 mharc: 2, 2)**
*Was ist die **Alternative** zum Liebesschloss an einer Brücke? Was wäre der **Vorteil**? (Z. 128 – 140)*

***Alternative:***
- Ein virtuelles Schloss/ein Schloss auf liebes-schloesser.com (kaufen) **(2)**

***Vorteil:***
**(Ceann ar bith: 2 mharc)**
- Umweltfreundlich(er)
- Man kann ein virtuelles Schloss für immer (per Mausklick) löschen.

**Freagair Ceist 2 agus Ceist 3 i nGaeilge.**
**Ceist 2: (16 mharc: a = 8 + 4 mharc; b = 4 mharc)**
**(a) (12 mharc: 8 + 4 mharc)**
*Buaileann Selina agus Tomás le chéile ar an droichead. Mínigh go mion cad a dhéanann siad agus na cúiseanna a bhí acu lena dhéanamh.* *(na línte 33 – 53)*

**(8 marc: 4 x 2 mharc)**
***An méid a dhéanann siad:***

1. Ceanglaíonn siad a nglas grá den sconsa **(1)** le hainmneacha agus dáta air. **(1)**
2. Pógann siad a chéile (go tapa). **(2)**
3. Caitheann siad an eochair isteach sa Réin / san uisce / san abhainn **(1)** agus féachann siad uirthi ag imeacht as radharc. **(1)**
4. Stánann siad ar a nglas **(1)** agus ar a chéile (go grámhar). **(1)**

**(4 mharc: 2+2)**
***Na cúiseanna a bhí acu:***

1. Le chéile le trí bliana // An nóiméad seo an-tábhachtach dóibh.
2. Léiríonn sé gur mian leo fanacht le chéile. // Tá siad ag súil le todhchaí le chéile.

**(b) (4 mharc: 2 x 2 mharc)**
*Rinne Dagmar Hänel taighde ar an nós a bhfuil cur síos air san alt. Cad a fuair sí amach? Tabhair **dhá** shonra.* *(na línte 64 – 79)*
**(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)**

1. Ní shíneann an traidisiún i bhfad siar // níl stair fhada ag an traidisiún.
2. Gnáthghnás / gnáthnósmhaireacht dár saol domhandaithe is ea iad/é.
3. Ní féidir a rá cé as ar tháinig an nósmhaireacht.
4. Éiríonn nósmhaireacht dá leithéid an-choitianta an-tapa / ar fud an domhain.

**Ceist 3: (18 marc: a = 10 marc; b = 8 marc (4 + 4))**
**(a) (10 marc: (5 x 2 mharc)**
*Tugtar eolas san alt faoi údar ar leith, agus faoi cheann dá chuid leabhar. Tabhair sonraí.*
*(na línte 80 – 98)*

**(Cúig cinn ar bith: 5 x 2 mharc)**

1. Iodálach is ea an t-údar / Federico Moccia is ainm dó.
2. Is é a tháinig suas leis na glais ghrá, / Is é a cheangail an chéad ghlas de dhroichead, dar leis féin.
